

EASCONN CHARRA MHUIGHINSE

Gríobhar (Gregory) Ac Confhaola bhí sé ina chomhnaidí ar an greig mhóir agus Muighnis istigh. Bhí sé féin agus Brighid an ingean, ag dul amach an carra ag dhul ag cur caoi ar mhóin. Bhí cliabh ar dhruim na hingine . Bhí lochán beag ag an gcarra i leathtaobh an chasáin. Chonnaic gríobhar easconn mhór sa lochán agus shíl sé gur néall a bhi uirthé. Chuir sé iallach ar an inghin an cliabh a leagan ar an talamh go gcuireadh sé an easconn ann. Leag. thóg sé an easconn agus chuir sé sa gcliabh í. Dhúbhail sé sa gcliabh í. Nuair a chuir sé síosan ceann dhúbhail sí thart í agus líon sí an cliabh níor chuir sí cor aiste. Dárduigh sé an cliabh arís ar an ionghin agus chasadar abhaile gur tháinig siad isteach sa teach gur rug sé anuas de druim na hingine ar an gcliabh gar leag sé ar an urlár chuaidh sé ag cur faobhar ar an scian diompaigh sé an cliabh béal faoiagus chaith sé amach ar ar an urlár í dárdaigh sí í féin agus rug sí ina béal ar dhuilleog an bhoird. An meid a chuir sí ina béal de gearr sí glan é mar ghearrfadh sí píosa de cháca agus dimtigh sí amach agus ní raibh fhios aca cé ineachais sí níos mó.